Comharchumann Forbartha
Ghaoth Dobhair

074 95 32208 crannog.ie cfgd@crannog.ie
An Chrannóg, Doirí Beaga, Tír Chonaill F92 EYT3

Bainisteoir - Post Lánaimseartha

An bhfuil suim agat i bhforbairt pobail, teanga & cultúr agus cúrsaí timpeallachta? Ma tá , is é seo deis do chainteoir líofa Gaeilge i bpost dúshlánach , suimiúil.

Is Comharchumann Forbartha Pobail é **Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair,** atá ar an fhód le 33 bliain agus a bhfuil aithne níos fearr air go háitiúil i nGaoth Dobhair mar **"An Chrannóg"**. Feidhmíonn muid clár leathan gníomhaíochtaí forbartha pobail, cultúrtha, oideachasúil agus teanga lárnach ar bhunús bhliantúil.
Tá folúntas faoi láthair do dhuine oiriúnach le feidhmiú mar **Bhainisteoir -** le dhul i mbun oibre go luath i 2022.
Bheadh gá go mbeadh Gaeilge líofa ag an té a cheapfar agus cumas a gcuid oibre go léir a dhéanamh trí Ghaeilge. Ba mhór go mbeadh taithí, nó suim faoi leith ag iarrthóirí i bhforbairt pobail agus in ann oibriú go maith le coiste, foireann agus eagrais eile (eagrais stáit ina measc) le clár leathan an Chomharchumainn a chuir i bhfeidhm.

Beidh tuarastal agus coinníollacha tarraingteach ag dul leis an phost seo, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.
Beidh deiseanna forbartha ann don té a cheapfar .
Is féidir (agus moltar) breis sonraí poist a lorg roimh iarratas a dhéanamh , trí rphost a sheoladh chuig cfgd@crannog.ie

Faigheann Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair tacaíocht reatha ó Údarás na Gaeltachta.

Is fostóir comhionannais é Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair
Spriocdháta do iarratais : 21 Eanáir 2022.
Seol iarratas chuig:
An Cathaoirleach
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair,
An Chrannóg
Na Doirí Beaga.
Nó ar rphost chuig cfgd@crannog.ie
Beidh agallaimh go luath i mí Feabhra

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann